Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Bealtaine 2018
(OR. en)**

**9294/18**

**FISC 229
ECOFIN 485**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8344/1/18 REV 1 FISC 180 ECOFIN 364 |
| Ábhar: | Foráil chaighdeánach an Aontais maidir le dea-rialachas i gcúrsaí cánach do chomhaontuithe le tríú tíortha<br>- Conclúidí ón gComhairle (25 Bealtaine 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le foráil chaighdeánach an Aontais maidir le dea-rialachas i gcúrsaí cánach do chomhaontuithe le tríú tíortha, a ghlac an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici ar an 25 Bealtaine 2018.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

### ar fhoráil chaighdeánach an Aontais maidir le dea-rialachas i gcúrsaí cánach do chomhaontuithe le tríú tíortha

Déanann an Chomhairle an méid seo a leanas:

1. MEABHRAÍTEAR DI na conclúidí ón gComhairle an 14 Bealtaine 2008 maidir le forálacha cánach i gcomhaontuithe le tríú tíortha d'fhonn dul i ngleic le calaois chánach agus imghabháil cánach agus iarrachtaí a athneartú leis an gcalaois chánach trasteorann agus imghabháil cánach a chomhrac agus TAGRAÍONN SÍ don fhoráil shonrach maidir leis an dea-rialachas i gcúrsaí cánach a chur san áireamh i gcomhaontuithe ábhartha a thabharfaí i gcrích idir an tAontas gona Bhallstáit agus na tríú tíortha, a glacadh ag an am.

2. MEABHRAÍTEAR DI na conclúidí ón gComhairle an 25 Bealtaine 2016 maidir le straitéis sheachtrach chánach agus bearta i gcoinne mí-úsáid na gconarthaí, inar iarradh go dtabharfaí isteach foráil nua chaighdeánach i gcomhréir leis an éabhlóid atá ag teacht ar chaighdeáin idirnáisiúnta i gcúrsaí cánach.

3. CUIREANN SÍ I bhFÁTH a thábhachtaí atá foráil nuashonraithe maidir leis an dea-rialachas i gcúrsaí cánach a chur chun feidhme sa chaibidlíocht atá ar siúl faoi láthair agus a dhéanfar amach anseo le tríú tíortha, ar bhonn geografach a bheidh chomh fairsing agus is féidir, agus dálaí sonracha gach tríú tír á gcur san áireamh. Chuimseofaí caighdeáin dhomhanda maidir le trédhearcacht agus malartú faisnéise, cánachas cothrom agus caighdeáin fhrith-BEPS i mbunghnéithe na forála nuashonraithe. Ní hamháin gur den riachtanas an dea-rialachas i gcúrsaí cánach d'fhonn an chalaois chánach trasteorann agus imghabháil cánach a chomhrac, ach d'fhéadfadh an dea-rialachas an comhrac i gcoinne sciúradh airgid, éillithe, agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta a neartú.

4. AITHNÍTEAR DI dá réir an gá atá leis an bhforáil nuashonraithe maidir le dea-rialachas i gcúrsaí cánach a áirithiú i gcomhaontuithe ábhartha a thabharfaí i gcrích idir an tAontas gona Bhallstáit agus na tríú tíortha, gan dochar dá n-inniúlachtaí faoi seach, agus meastar di gurb iomchuí an téacs seo a leanas i ndáil leis an méid sin:

*"Aithníonn na Comhpháirtithe agus tugann gealltanas dá réir cur chun feidhme phrionsabail an dea-rialachais i gcúrsaí cánach, lena n-áirítear na caighdeáin dhomhanda maidir le trédhearcacht agus malartú faisnéise, cánachas cothrom, agus caighdeáin íosta i gcoinne an Bhoinn agus Aistriú Brabúis a bhaint amach. Déanfaidh na Páirtithe dea-rialachas i gcúrsaí cánach a chur chun cinn, feabhas a chur ar an gcomhar idirnáisiúnta i gcúrsaí cánach agus bailiú d'fháltais dhlisteanacha chánach a éascú*.".

5. CUIREANN SÍ I BHFÁTH a dhiongbháilte atá sí do chur chun cinn an dea-rialachais i gcúrsaí cánach sa chaibidlíocht atá ar siúl faoi láthair agus a dhéanfar amach anseo.

6. Faoi chuimsiú na bhforálacha de chuid CFAE is infheidhme, cuirfidh an Coimisiún comhlachtaí ábhartha na Comhairle ar an eolas agus rachaidh sé i gcomhairle leo, cibé acu is iomchuí, le dúthracht agus go pras, maidir le haon cheist a bhaineann le foráil shonrach an dea-rialachais i gcúrsaí cánach a d'fhéadfadh teacht chun cinn i bpróiseas na caibidlíochta ar na comhaontuithe idirnáisiúnta dá dtagraítear thuas.